Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11291/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0129 (COD)**

**CODEC 967**
**SIMPL 69**
**ANTICI 79**
**ECOFIN 956**
**EF 234**
**FIN 833**
**COMPET 691**
**COH 129**
**ENV 663**
**CLIMA 251**
**TRANS 282**
**ENER 350**
**TELECOM 235**
**PE 44**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1542 a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí ar oibreoirí eacnamaíocha i dtaca le beartais díchill chuí maidir le ceallraí<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 7 go dtí an 10 Iúil 2025) |

## I. RÉAMHRÁ

An 19 Meitheamh 2025, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú maidir le sainordú[1] don uachtaránacht don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa i gcomhréir leis an togra ón gCoimisiún gan aon leasú, d'fhonn teacht ar chomhaontú go pras le Parlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh ar an mbonn sin.

[1] 10221/25

An 3 Iúil 2025, d’fhormheas an Coiste um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia an cinneadh leanúint ar aghaidh de réir Riail 52 (Nós imeachta simplithe), agus ina dhiaidh sin, thar ceann an Choiste sin, thíolaic an Cathaoirleach, Antonio DECARO (S&D, IT), tuarascáil arb é is aidhm di an togra ón gCoimisiún a ghlacadh ar láimh. Ina theannta sin, chuir an Grúpa ‘Tírghráthóirí don Eoraip’ (PfE) agus an Grúpa do Choimeádaigh agus Leasaitheoirí na hEorpa (ECR) ceithre leasú an ghrúpa síos (leasuithe 1 go 4 agus 5 go 8).

## II. VÓTÁIL

Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 10 Iúil 2025 tríd an togra ón gCoimisiún a ghlacadh ar láimh agus trí dhiúltú do na leasuithe uile a cuireadh síos. Tá an seasamh sin le fáil sa rún reachtach uaithi.

Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é, a fhormheas agus, ar an gcaoi sin, an chéad léamh a thabhairt chun críche don dá Institiúid.

D’fhéadfaí an gníomh reachtach a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ó Pharlaimint na hEorpa.

## P10_TA(2025)0164

## Leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2023/1542 a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí ar oibreoirí eacnamaíocha i dtaca le beartais díchill chuí maidir le ceallraí

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Iúil 2025 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1542 a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí ar oibreoirí eacnamaíocha i dtaca le beartais díchill chuí maidir le ceallraí (COM(2025)0258 – C10-0089/2025 – 2025/0129(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0258),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0089/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 18 Meitheamh 2025[1],

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um an Aeráid agus um Shábháilteacht Bia (A10-0134/2025),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

**P10_TC1-COD(2025)0129**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 10 Iúil 2025 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2025/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1542 a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí ar oibreoirí eacnamaíocha i dtaca le beartais díchill chuí maidir le ceallraí**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

1 Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

2 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Iúil 2025.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], forchuirtear oibleagáidí díchill chuí maidir le ceallraí ar oibreoirí eacnamaíocha lena gcumhdaítear foinsiú, próiseáil agus trádáil cóbailt, graifíte nádúrtha, litiam agus nicile a úsáidtear chun ceallraí a mhonarú. Tá na hoibleagáidí díchill chuí sin le cur i bhfeidhm ón 18 Lúnasa 2025.

(2) Tráth a bhíonn an tírdhreach geopholaitiúil ag síorathrú, ní mór dúshláin éagsúla a shárú, lena n-áirítear dúshláin maidir le foinsiú amhábhar. Mar thoradh air sin, teastaíonn am ó mhonaróirí ceallraí chun anailís a dhéanamh ar a slabhraí soláthair agus, i gcás inar gá, chun iad a choigeartú.

(3) Áirítear ar na hoibleagáidí díchill chuí maidir le ceallraí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2023/1542 ceanglais lena gcumhdaítear fíorú tríú páirtí arna dhéanamh ag comhlachtaí faoina dtugtar fógra. Mar sin féin, tá ainmniú comhlachtaí faoina dtugtar fógra den sórt sin ag tógáil níos mó ama ná mar a bhí coinne leis. Le scéimeanna díchill chuí arna n-aithint ag an gCoimisiún i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/1542, d'éascófaí obair oibreoirí eacnamaíocha agus comhlachtaí faoina dtugtar fógra. Mar sin féin, ní mór scéimeanna díchill chuí lena dtugtar aghaidh ar amhábhair atá i gceallraí a fhorbairt tuilleadh agus a chur chun feidhme, agus, ina dhiaidh sin, iad a chur tríd an bpróiseas aitheantais coibhéise ag an gCoimisiún.

---

3 Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE (IO L 191, 28.7.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1542/oj).

(4) Chun dóthain ama a chur ar fáil chun fógra a thabhairt do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta agus chun go mbeidh oibreoirí eacnamaíocha a chuireann ceallraí ar an margadh in ann a n-oibleagáidí a chomhlíonadh, ba cheart dáta chur i bhfeidhm na n-oibleagáidí díchill chuí maidir le ceallraí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2023/1542 a chur siar 2 bhliain.

(5) Le Treoir (AE) 2024/1760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], leagtar síos rialacha agus oibleagáidí chun a áirithiú go sainaithneoidh cuideachtaí drochthionchair iarbhír agus fhéideartha ar chearta an duine agus ar an gcomhshaol ina n-oibríochtaí féin, in oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus, i gcás ina bhfuil baint acu lena slabhraí gníomhaíochtaí, in oibríochtaí a gcomhpháirtithe gnó, agus go dtabharfaidh siad aghaidh ar na drochthionchair sin.

(6) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/1542, tá an Coimisiún le treoirlínte a fhoilsiú a mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm na gceanglas díchill chuí maidir le ceallraí. Ina theannta sin, i gcomhréir le Treoir (AE) 2024/1760, tá an Coimisiún le treoirlínte a chur ar fáil a mhéid a bhaineann le treoraíocht agus dea-chleachtais maidir le conas dícheall cuí a dhéanamh. Ós rud é go bhfuil comhsheasmhacht idir Rialachán (AE) 2023/1542 agus Treoir (AE) 2024/1760 tábhachtach le haghaidh cuideachtaí sa slabhra soláthair ceallraí, ba cheart comhchuibhiú a dhéanamh ar na dátaí faoi seach le haghaidh fhoilsiú agus chur ar fáil na dtreoirlínte sin.

(7) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon rannchuidiú le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh, chomh maith le drochthionchar ceallraí agus ceallraí dramhaíola ar an gcomhshaol a chosc agus a laghdú agus ardleibhéal cosanta do shláinte an duine a áirithiú, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

---

4 Treoir (AE) 2024/1760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus Rialachán (AE) 2023/2859 (IO L, 2024/1760, 5.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1760/oj).

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2023/1542 a leasú dá réir.

(9) I bhfianaise phráinn an ábhair agus chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar a luaithe is féidir, meastar gurb iomchuí an eisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, a agairt.

(10) Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2023/1542

Leasaítear Airteagal 48 de Rialachán (AE) 2023/1542 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an dáta '18 Lúnasa 2027' in ionad '18 Lúnasa 2025';

(b) i mír 5, cuirtear an dáta '26 Iúil 2026' in ionad '18 Feabhra 2025'.

*Airteagal 2*

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* — *Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán* — *An tUachtarán*